Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7894/24**

**ETS 2**
**MI 320**
**COMPET 335**
**DELACT 86**
**EDUC 92**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 1357 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN<br>an 5.3.2024<br>lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 1357 final.

---

Faoi iamh: C(2024) 1357 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2024
C(2024) 1357 final

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.3.2024**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an gCinneadh Tarmligthe seo Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1], arna leasú le Treoir 2013/55/AE (Treoir 2005/36/CE), ina liostaítear fianaise ar cháilíochtaí atá faoi réir aitheantas uathoibríoch trasteorann.

De réir Threoir 2005/36/CE, féadfaidh na gairmeacha seo a leanas a bheith incháilithe d'aitheantas uathoibríoch ar a gcáilíocht i mBallstát eile, faoi choinníollacha áirithe, chun rochtain a fháil ar ghairm rialaithe agus chun í a chleachtadh: ailtire, dochtúir leighis agus go leor speisialtachtaí leighis, fiaclóir agus déidlia agus roinnt speisialtachtaí fiaclóireachta, cnáimhseach, altra atá freagrach as cúram ginearálta, cógaiseoir agus tréidlia.

Réamhchoinníoll amháin maidir leis an aitheantas uathoibríoch sin is ea go gcomhlíontar leis an gcáilíocht na híoscheanglais oiliúna a leagtar amach i dTeideal III, Caibidil III den Treoir sin.

Le hAirteagal 21a(1) de Threoir 2005/36/CE ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin arna nglacadh acu chun fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a eisiúint sna gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III den Treoir sin. I gcomhréir le hAirteagal 21a(3) den Treoir sin, ní mór do na Ballstáit Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) a úsáid chun na críche sin. Ansin déanann an Coimisiún meastóireacht ar na haighneachtaí sin le hais na n-íoscheanglas oiliúna a leagtar amach sa Treoir.

Chun aird chuí a thabhairt ar fhorbairtí reachtacha riaracháin sna Ballstáit, le hAirteagal 21a(4) de Threoir 2005/36/CE cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na pointí ábhartha in Iarscríbhinn V a thabhairt cothrom le dáta.

Go dtí seo, glacadh sé chinneadh tarmligthe[2] faoi Airteagal 21a(4) den Treoir sin.

Léirítear leis na príomhleasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn V na forbairtí reachtacha agus riaracháin sna Ballstáit chun fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla a eisiúint sna gairmeacha a chumhdaítear le Teideal III, Caibidil III, ar thug na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún, agus i gcás inar dheimhnigh an Coimisiún go gcomhlíonann siad sin na híoscheanglais chomhchuibhithe chomhaontaithe oiliúna. Tá nós imeachta éagsúil i bhfeidhm maidir le hailtirí, i gcomhréir le fomhír 2 d'Airteagal 21a(1) den Treoir. I gcás na gairme sin, téitear i gcomhairle leis na Ballstáit trí Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart teidil nó cláir nua a áireamh in Iarscríbhinn V. Rinneadh comhairliúchán den chineál sin le haghaidh fógraí a bhaineann le gairm an ailtire a áirítear sa Chinneadh Tarmligthe seo.

---

1 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22).

2 Cinneadh Tarmligthe (AE) 2016/790 ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2016 (IO L 134, 24.5.2016, lch. 135), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/2113 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2017 (IO L 317, 1.12.2017, lch. 119), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2019/608 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2019 (IO L 104, 15.4.2019, lch. 1), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2020/548 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2020 (IO L 131/1, 24.4.2020, lch. 1), Cinneadh Tarmligthe (AE) 2021/2183 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 (IO L 444, 10.12.2021, lch. 16) agus Cinneadh Tarmligthe (AE) 2023/2383 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 (IO L 2023/2383, 9.10.2023).

Dá bhrí sin, leis an gCinneadh Tarmligthe seo, comhdhlúthaítear na seanteidil ghairmiúla uile, na teidil ghairmiúla nua uile agus na teidil leasaithe uile ar tugadh fógra ina leith go dtí an 30 Meitheamh 2023.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na mBallstát maidir leis na leasuithe sin ar Iarscríbhinn V tríd an ngrúpa saineolaithe ábhartha ('Grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint'[3]). Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, rinneadh na hathruithe breise seo a leanas ar an dréachtchinneadh tarmligthe:

Maidir le speisialtacht leighis nua-bhunaithe na míochaine spóirt faoi phointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V, leasaíodh na teidil mar a leanas: 'Medicina rada i športa' le haghaidh na Cróite, 'Sporto medicina' le haghaidh na Liotuáine agus 'Mediċina tal-Isport u l-Eżerċizzju' le haghaidh Mhálta.

Maidir le speisialtacht leighis nua-bhunaithe na síciatrachta leanaí, leasaíodh an teideal mar a leanas i gcás na Spáinne faoi phointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V: 'Psiquiatría Infantil y de la Adolescencia'.

Maidir leis an bhfianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ortódóntaice i gcás na Fionlainne faoi phointe 5.3.3 d'Iarscríbhinn V, cuireadh 'hampaiston oikomishoito' le 'Erikoishammaslääkärikoulutus / Specialisttandläkarutbildning, tandreglering'.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an Cinneadh Tarmligthe seo bunaithe ar Airteagal 21a(4) de Threoir 2005/36/CE. Leis an Airteagal sin, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57c den Treoir sin chun pointí 5.1.1 go 5.1.4, 5.2.2, 5.3.2, 5.3.3, 5.4.2, 5.5.2, 5.6.2 agus 5.7.1 d'Iarscríbhinn V a leasú. Baineann na pointí sin leis na teidil a thabhairt cothrom le dáta, teidil arna nglacadh ag na Ballstáit le haghaidh fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, agus, i gcás inarb iomchuí, leis an gcomhlacht a eisíonn an fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla, an deimhniú a ghabhann léi agus an teideal gairmiúil comhfhreagrach.

[3] Mar a bunaíodh le Cinneadh 2007/172/CE ón gCoimisiún an 19 Márta 2007 lena mbunaítear an grúpa comhordaitheoirí chun cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 79, 20.3.2007, lch. 38).

**CINNEADH TARMLIGTHE ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.3.2024**

**lena leasaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[1], agus go háirithe Airteagal 21a(4) agus Airteagal 26 di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE, tá liostaí den fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla dochtúirí leighis, dochtúirí ar speisialtóirí iad, altraí atá freagrach as cúram ginearálta, fiaclóirí agus déidlianna, fiaclóirí agus déidlianna ar speisialtóirí iad, tréidlianna, cnáimhseach, cógaiseoirí agus ailtirí.

(2) Le hAirteagal 21a(1) den Treoir sin, ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon fhoráil reachtach, rialála agus riaracháin a ghlacfaidh na Ballstáit chun fianaise a eisiúint ar cháilíochtaí foirmiúla a thairbhíonn d'aitheantas uathoibríoch. Ansin déanann an Coimisiún meastóireacht ar na haighneachtaí sin le hais na n-íoschaighdeán oiliúna a comhaontaíodh.

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar na fógraí ó na Ballstáit agus tháinig sé ar an gconclúid go gcomhlíonann na forálacha leasaithe ar thug na Ballstáit fógra ina leith na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 24, 25, 28, 31, 34, 35, 38, 40, 41, 44 agus 46 de Threoir 2005/36/CE. Léirítear toradh an mheasúnaithe ar na fógraí sin sa Chinneadh seo, sna leasuithe ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 26 de Threoir 2005/36/CE, tugtar isteach leis an gCinneadh seo an mhíochaine spóirt mar chatagóir nua sainoiliúna leighis faoi phointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin. Áirítear teidil sa mhíochaine spóirt le haghaidh 11 Bhallstát sa chatagóir nua sin. Comhlíontar na ceanglais maidir le sainoiliúint leighis a leagtar amach in Airteagal 25 leis na cáilíochtaí sin agus baineann íostréimhse oiliúna 4 bliana leo freisin.

(5) Le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2023/2383 ón gCoimisiún[2] tugadh isteach an teideal 'Chirurgie orale' faoin speisialtacht leighis 'Máinliacht fiacla, mascaille agus béil (bunoiliúint leighis agus fiaclóireachta)' le haghaidh na Fraince faoi phointe 5.1.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE. Le Cinneadh Tarmligthe (AE)

[1] IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj.

[2] Cinneadh Tarmligthe (AE) 2023/2383 ón gCoimisiún an 23 Bealtaine 2023 lena leasaítear agus lena gceartaítear Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna (IO L 2023/2383, 9.10.2023, lch. 1.)

2020/548 ón gCoimisiún tugadh isteach an fhianaise ar cháilíochtaí foirmiúla ‘Diplôme de formation approfondie en sciences médicales’ agus an deimhniú a ghabhann leis na cáilíochtaí ‘Certificat de compétence clinique’ le haghaidh na Fraince faoi phointe 5.1.1 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE. Faoi phointe 5.3.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE, áiríodh sa Chinneadh Tarmligthe céanna an fhianaise ar bhuncháilíochtaí foirmiúla fiaclóirí agus déidlianna ‘Diplôme de formation approfondie en sciences odontologiques’ agus mar dheimhniú a ghabhann leis an bhfianaise ar cháilíochtaí ‘Certificat de synthèse clinique et thérapeutique’. Níor cheart na teidil sin, an fhianaise sin ar cháilíochtaí foirmiúla agus na deimhnithe sin a ghabhann leis na cáilíochtaí a chur le Treoir 2005/36/CE. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bhaint de phointí 5.1.1, 5.1.3 agus 5.3.2 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE.

(6) Roimhe seo, thug an Laitvia fógra faoin teideal ‘Mutes, sejas un žokļu ķirurģija’ faoin speisialtacht leighis ‘Máinliacht fiacla, mascaille agus béil (bunoiliúint leighis) faoi phointe 5.1.3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE. I bhfógra nua, thug an Laitvia le fios gur cheart an teideal sin a bhaint as an gcuid sin de phointe 5.1.3 agus, ina ionad sin, gur cheart é a chur leis an speisialtacht leighis ‘Máinliacht fiacla, mascaille agus béil (bunoiliúint leighis agus fiaclóireachta)’. Dá bhrí sin, ba cheart an teideal ‘Mutes, sejas un žokļu ķirurģija’ a bhogadh faoin speisialtacht leighis ‘Máinliacht fiacla, mascaille agus béil (bunoiliúint leighis agus fiaclóireachta)’ faoi phointe 5.1.3 d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE a thabhairt cothrom le dáta. Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na pointí ábhartha uile d’Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE maidir le fianaise ar cháilíochtaí foirmiúla agus teidil cúrsaí oiliúna a ionadú.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2005/36/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2005/36/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.3.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Thierry BRETON*
*Comhalta den Choimisiún*